# Cáipéis Comhairliúcháin: Dréachtrialacha maidir le Saothair Eorpacha le haghaidh Seirbhísí Meán Closamhairc ar Éileamh

Dáta foilsithe: An 29 Márta 2026
Spriocdháta le haghaidh freagartha: An 10 Meitheamh 2026

Sa doiciméad seo, tá comhairliúchán poiblí maidir le **Dréachtrialacha** Choimisiún na Meán **maidir le Saothair Eorpacha le haghaidh Seirbhísí Meán Closamhairc ar Éileamh** (na "Dréachtrialacha").

Tá na Dréachtrialacha beartaithe chun soiléire a sholáthar do sholáthraithe seirbhísí meán closamhairc ar éileamh ("Soláthraithe Físeáin ar Éileamh") faoi dhlínse na hÉireann maidir leis an méid seo a leanas:

- Conas a dhéanfaidh Coimisiún na Meán measúnú ar an oibleagáid sciar 30% maidir le saothair Eorpacha; agus
- Cé na bearta a bhfuil coinne leo chun feiceálacht saothar Eorpach a chinntiú i ngach catalóg náisiúnta.

Fáiltíonn Coimisiún na Meán roimh thuairimí aon duine nó eagraíochta leasmhaire maidir le hinneachar na nDréachtrialacha.
Is féidir leat do chuid tuairimí a chur isteach go ginearálta, nó freagra a thabhairt ar na ceisteanna sonracha i gcuid 3.2. den doiciméad seo.

Gheobhaidh tú faisnéis maidir le conas a úsáidimid do shonraí pearsanta i gcuid 3.5 den doiciméad seo.

Is féidir leat freagra a thabhairt ar an gcomhairliúchán:

1. mar **ríomhphost**, chuig **consultation@cnam.ie**;
2. tríd an bpost, chuig: Coimisiún na Meán
   1 Foirgnimh Shíol Bhroin,
   Bóthar Shíol Bhroin
   Baile Átha Cliath 4,
   D04 NP20,
   Éire

B'fhéidir gur mhaith leat Treoirlínte Comhairliúcháin Choimisiún na Meán a cheadú agus agus d'aighneacht á cur isteach agat.

# Clár Ábhar


**1 Achoimre** 3

**2 Réamhrá agus Cúlra** 3

2.1 Coimisiún na Meán 3

2.2 Saothair Eorpacha agus seirbhísí ar éileamh 4

2.3 Cén fáth a bhfuil an Coimisiún ag dul i mbun comhairliúcháin maidir le Dréachtrialacha? 4

**3 Comhairliúchán** 8

3.1 Dréachtrialacha maidir le saothair Eorpacha le haghaidh seirbhísí meán closamhairc ar éileamh 8

3.2 Ceisteanna Comhairliúcháin 8

3.3 Conas freagra a thabhairt 9

3.4 Amchlár don fhreagairt 9

3.5 Úsáid Faisnéise 9

3.5.1 Foilsiú aighneachtaí 9
3.5.2 Tuarascáil Chomhairliúcháin 9
3.5.3 Sonraí Pearsanta 10
3.5.4 Saoráil Faisnéise 10

# 1 Achoimre

Is é Coimisiún na Meán ("an Coimisiún") ghníomhaireacht neamhspleách na hÉireann a fhorbraíonn agus a rialaíonn tírdhreach meán atá rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa.

Le Cuid 10A den Acht Craolacháin 2009, arna leasú ("an tAcht") trasuitear oibleagáidí na hÉireann maidir le cur chun cinn saothar Eorpach i seirbhísí meán closamhairc ar éileamh, lena léirítear Airteagal 13(1) den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc (AVMSD) (Treoir 2010/13/AE, arna leasú le Treoir (AE) 2018/1808).

Faoin Acht, ceanglaítear ar sholáthraí seirbhíse meán closamhairc ar éileamh ("físeáin ar éileamh") faoi dhlínse an Stáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

- A chinntiú nach mbeidh an sciar de shaothair Eorpacha i ngach catalóg dá sheirbhís nó dá seirbhís níos lú ná 30% (alt 159B(1)); agus
- Bearta a shonraítear i rialacha faoi alt 159C(3) a dhéanamh chun feiceálacht saothar Eorpach a chinntiú i gach catalóg dá sheirbhís nó dá seirbhís (alt 159C(1)).

Tá an Coimisiún i mbun comhairliúcháin maidir le Dréachtrialacha lena leagtar amach:

- Modheolaíocht theidealbhunaithe chun comhlíonadh na hoibleagáide sciar 30% a chinneadh;
- Creat intomhaiste, infhíoraithe le haghaidh bearta feiceálachta;
- Critéir agus tairseacha molta le haghaidh láimhdeachas íseal, lucht féachana íseal agus díolúintí ábhair chúing; agus
- Socruithe tuairiscithe, faireacháin agus fíoraithe chun tacú le measúnú éifeachtach a dhéanamh ar oibleagáidí saothar Eorpach a chomhlíonadh.

Fáiltíonn an Coimisiún roimh thuairimí aon duine nó eagraíocht leasmhaire maidir leis na Dréachtrialacha. Is féidir leat do chuid tuairimí a chur isteach go ginearálta, nó freagra a thabhairt ar na ceisteanna sonracha i gcuid 3.2. den doiciméad seo.

# 2 Réamhrá agus Cúlra

## 2.1 Coimisiún na Meán

Is é an Coimisiún an ghníomhaireacht a fhorbraíonn agus a rialaíonn tírdhreach meán atá rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa in Éirinn. Bunaíodh an 15 Márta 2023 é.

Agus a chuid feidhmeanna reachtúla á gcur i gcrích aige, rialálann an Coimisiún seirbhísí meán closamhairc chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag an lucht féachana ar réimse leathan d'inneachar closamhairc lena léirítear cultúir, teangacha agus peirspictíochtaí Eorpacha. Leis an gcreat rialála, ní mór freagairt d'athrú teicneolaíoch agus sochaíoch agus tacú le hinbhuanaitheacht, infheictheacht agus infhionntacht saothar closamhairc Eorpach.

Leagtar amach i Ráiteas Straitéise 2025 – 2027 (an "Straitéis") ón gCoimisiún an misean atá aige tírdhreach meán a rialáil, tacú leis agus é a fhorbairt ar bhealach lena gcothaítear torthaí daonlathacha, cultúrtha agus cruthaitheacha. Le rialáil agus cur chun cinn saothar Eorpach, rannchuidítear go díreach leis

na torthaí straitéiseacha a shainaithnítear sa Straitéis, go háirithe iad sin a bhaineann le tacú leis an gcultúr agus leis na meáin, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht a chur chun cinn, agus tírdhreach meán inbhuanaithe a chinntiú.

Le hoibleagáidí saothar Eorpach tacaítear le forbairt, scaipeadh agus infhionntacht inneachair closamhairc Eorpaigh trína chinntiú go mbeidh na saothair sin ar fáil agus feiceálach ar sheirbhísí físeáin ar éileamh. Trína chreat rialála, tacaíonn an Coimisiún le hinfheictheacht agus inbhuanaitheacht saothar Eorpach, agus coinníonn sé eintitis rialáilte cuntasach i leith a gcuid oibleagáidí, agus é á chinntiú gur féidir leis an lucht féachana réimse éagsúil d'inneachar closamhairc Eorpach a aimsiú agus a bheith ag plé le réimse inneachair den sórt sin.

## 2.2 Saothair Eorpacha agus seirbhísí ar éileamh

Tá oibleagáidí saothar Eorpach beartaithe chun tacú le héagsúlacht chultúrtha agus leis an earnáil closamhairc Eorpach. Sa timpeallacht ar éileamh, ina bhfaigheann úsáideoirí rochtain ar inneachar trí chatalóga, comhéadain, uirlisí cuardaigh agus molta, ní hamháin go gceanglaítear le AVMSD go mbeadh sciar íosta de shaothair Eorpacha ann ach freisin go gcinnteofaí go mbeadh na saothair sin feiceálach go hiomchuí d'úsáideoirí.

Tá na Dréachtrialacha deartha le bheith neodrach agus comhréireach ó thaobh na teicneolaíochta de, agus maoirseacht fhiúntach agus cur i bhfeidhm comhsheasmhach á gcumasú san am céanna.

## 2.3 Cén fáth a bhfuil an Coimisiún ag dul i mbun comhairliúcháin maidir le Dréachtrialacha?

Leis an Acht, ceanglaítear ar sholáthraithe físeáin ar éileamh faoi dhlínse na hÉireann na hoibleagáidí reachtúla a bhaineann leis an méid seo a leanas a chomhlíonadh:
- An sciar de shaothair Eorpacha; agus
- Feiceálacht saothar Eorpach.

Beartaítear na Dréachtrialacha chun:
- Soiléire agus cinnteacht a sholáthar d'eintitis rialáilte;
- Tacú le cur chun feidhme comhsheasmhach ar fud cineálacha éagsúla seirbhísí físeáin ar éileamh;
- Cuir chuige atá comhréireach agus fianaisebhunaithe a sholáthar maidir le díolúintí; agus
- Socruithe tuairiscithe agus fíoraithe a leagan amach lena n-íoslaghdaítear ualach riaracháin neamhriachtanach le linn tacú le maoirseacht éifeachtach.

Le linn na Dréachtrialacha a ullmhú, tugann an Coimisiún aird ar an méid seo a leanas:
- Cuspóir na héagsúlachta cultúrtha;
- A inmhianaithe atá sé saothair Eorpacha a sholáthar don lucht féachana is leithne is féidir;
- Forbairtí teicneolaíochta;
- Forbairtí i margaí seirbhíse meán closamhairc ar éileamh;

- Treoirlínte ón gCoimisiún Eorpach de bhun Airteagal 13(7) AVMSD maidir leis an sciar de shaothair Eorpacha i gcatalóga ar éileamh a ríomh agus maidir leis an sainmhíniú ar lucht féachana íseal agus láimhdeachas íseal (2020/C 223/03)[1]; agus,
- Tuarascálacha ábhartha arna n-ullmhú ag an mBord Eorpach um Sheirbhísí Meán (EBMS), agus ag a eagraíocht is réamhtheachtaí, ERGA.

## 2.4 An Réasúnaíocht is bun leis na Dréachtrialacha

Agus na Dréachtrialacha maidir le Saothair Eorpacha á n-ullmhú aige, bhreithnigh an Coimisiún an creat dlíthiúil a bhí ar fáil, treoraíocht ar an leibhéal Eorpach, agus fianaise ó chleachtas rialála ar fud na mBallstát. Tugtar achoimre sa chuid seo ar na príomhthosca a bhí mar bhonn eolais don chur chuige maidir leis an gcuóta, feiceálacht, na forálacha díolúine agus an cur chuige i leith faireacháin agus tuairisciú.

- **An Sciar 30% de Shaothair Eorpacha a Ríomh**

Glactar modheolaíocht theidealbhunaithe sna Dréachtrialacha chun an sciar 30% de shaothair Eorpacha a ríomh. Leis sin, léirítear an méid seo a leanas:
Treoirlínte ón gCoimisiún Eorpach (2020), lena sainaithnítear comhaireamh teidealbhunaithe mar an cur chuige caighdeánach agus a chuirtear i bhfeidhm go coitianta chun measúnú a dhéanamh ar sciar catalóige faoi Airteagal 13(1).
An cleachtas atá i réim ar fud Bhallstáit an Aontais, mar a luaitear i dtuarascálacha ón bhFaireachlann Eorpach Chlosamhairc (EAO), agus ón mBord Eorpach um Sheirbhísí Meán (EBMS), ina meastar córais theidealbhunaithe a bheith trédhearcach, infhíoraithe agus curtha i bhfeidhm ar bhealach atá inchomparáide.
An gá atá le modh comhréireach agus praiticiúil ó thaobh oibriúcháin de, i bhfianaise éagsúlacht na samhlacha seirbhíse físeáin ar éileamh agus na struchtúr catalóige.

Measadh nach raibh modheolaíocht nóiméadbhunaithe iomchuí toisc go dtabharfaí isteach léi castacht dhíréireach theicniúil agus riaracháin, go háirithe i ndáil le hoibreacha eipeasóideacha agus tréimhsí rite éagsúla, agus d'fhéadfadh sí torthaí a shaobhadh trí thosaíocht dhíréireach a thabhairt d'inneachar i bhfoirm fhada. Le samhail theidealbhunaithe, cinntítear ionadaíocht chothrom ar shaothair, laghdaítear an t-ualach riaracháin agus tacaítear le faireachán comhsheasmhach atá fianaisebhunaithe.

- **Cur Chuige i leith Chur i bhFeidhm an Sciar de Shaothair Eorpacha ar Leibhéal Seirbhíse agus Catalóige**

Déanfar an sciar 30% de shaothair Eorpacha a ríomh le haghaidh gach seirbhíse físeáin ar éileamh aonair. I gcás ina bhfuil níos mó ná catalóg amháin ag seirbhís físeáin ar éileamh, déantar an ríomh ar gach catalóg den tseirbhís sin. Is minic gur féidir le seirbhís físeáin ar éileamh atá ar fáil ar fud dlínsí éagsúla catalóg éagsúil ábhair a sholáthar i ngach tír. An ceanglas go ndéanfaí sciar 30% de shaothair Eorpacha a ríomh ar leibhéal gach seirbhíse físeáin ar éileamh aonair, agus ar leibhéal gach catalóige laistigh den tseirbhís sin, léiríonn sé bunchuspóir beartais Airteagal 13(1) den Treoir maidir le Seirbhísí Meán

[1] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=uriserv%3AOJ.C_.2020.223.01.0010.01.ENG&toc=OJ%3AC%3A2020%3A223%3ATOC

Closamhairc (AVMSD). Ceapadh an oibleagáid maidir le saothair Eorpacha chun a chinntiú go mbeidh ábhar Eorpach ar fáil ar bhealach fiúntach agus infheicthe ag lucht féachana laistigh de gach tairiscint náisiúnta de sheirbhís ar éileamh. Is gá, dá bhrí sin, measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht ar an leibhéal ar a ndéantar ábhar a choimeád, a chur i láthair agus a thomhailt ag úsáideoirí.

Sa chleachtas, is minic a eagraíonn agus a chuireann seirbhísí físeáin ar éileamh catalóga ar leith ar fáil ar fud dlínsí éagsúla, rud a léiríonn éagsúlachtaí i socruithe ceadúnúcháin, spriocdhíriú ar an lucht féachana agus straitéis tráchtála. Aithnítear an méid sin i dtreoirlínte 2020 ón gCoimisiún Eorpach maidir le sciar na saothar Eorpach a ríomh, ag tabhairt dá haire gur cheart measúnú a dhéanamh ar na hoibleagáidí trí thagairt a dhéanamh don chatalóg a thairgtear d'úsáideoirí i mBallstát ar leith. Tríd an sciar ar leibhéal na catalóige a ríomh, cinntítear go mbainfear amach go héifeachtach an cuspóir beartais maidir le tacú le saothair Eorpacha a bheith ar fáil do lucht féachana i ngach Ballstát.

Ar an gcaoi chéanna, is gá an oibleagáid a chur i bhfeidhm ar leibhéal gach seirbhíse físeáin ar éileamh aonair, seachas comhiomlánú a cheadú ar fud seirbhísí iomadúla arna n-oibriú ag na soláthraithe céanna, chun comhsheasmhacht le cuspóir na Treorach a chinntiú. Trí chomhiomlánú a cheadú, d'fhéadfaí é a chur ar a gcumas do sholáthraithe an cuóta a chomhlíonadh ar fud a bpunainne foriomláine ach go dtitfeadh seirbhísí aonair faoi bhun na tairsí is gá ag an am céanna, rud a bhainfeadh an bonn ón gcuspóir chun a chinntiú go mbeidh saothair Eorpacha ar fáil laistigh de gach seirbhís a bhfuil rochtain ag lucht féachana uirthi. Cuirtear san áireamh sa chur chuige sin freisin na bealaí athraitheacha ina gcuirtear seirbhísí ar fáil d'úsáideoirí. I gcásanna áirithe, féadfar seirbhísí a phacáistiú le chéile nó a rochtain trí chomhéadain chomhbhailitheora, agus iad á gcur ar fáil go neamhspleách ar fud raon gaireas nó ardán. I gcúinsí den sórt sin, tá sé tábhachtach go léiríonn an measúnú ar chomhlíonadh an tseirbhís fholuiteach agus a catalóg, seachas an comhéadan ar leith trína bhfaightear rochtain uirthi. Cinntítear leis sin go gcuirtear oibleagáidí i bhfeidhm go comhsheasmhach agus nach dtéitear timpeall orthu trí dhifríocht sa chaoi a ndéantar seirbhísí a chuachadh, a chur i láthair nó a sheachadadh go teicniúil. Ó thaobh na praiticiúlachta de, tá an cur chuige sin ag teacht le creat tuairiscithe an Choimisiúin Eorpaigh lena gceanglaítear sonraí a chur isteach ar bhonn seirbhís ar sheirbhís.

Ar an iomlán, trí sciar na saothar Eorpach a ríomh ar leibhéal gach seirbhíse físeáin ar éileamh agus gach catalóige ábhartha cinntítear go ndéantar cuspóirí beartais na Treorach maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc (AVMSD) a sheachadadh ar bhealach atá éifeachtach agus comhréireach araon, agus soiléireacht agus comhsheasmhacht á soláthar ag an am céanna do sholáthraithe maidir lena n-oibleagáidí a chomhlíonadh.

- **Feiceálacht Saothar Eorpach**

Glactar creat solúbtha leis na Dréachtrialacha atá dírithe ar thorthaí le haghaidh feiceálachta, atá comhsheasmhach leis an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc (AVMSD) agus le cuir chuige rialála reatha an Aontais. Cé go gceanglaítear leis an Treoir go mbeidh saothair Eorpacha "ar taispeáint go feiceálach", ní fhorordaítear modh sonrach teicneolaíoch ná comhéadanbhunaithe le dlí an Aontais ná leis an reachtaíocht náisiúnta.

I gcomhréir le treoir ón gCoimisiún Eorpach agus torthaí tuarascála EBMS:
Is féidir feiceálacht a bhaint amach trí úsáid a bhaint as raon beart, lena n-áirítear codanna den leathanach baile, timpealláin, clibeáil meiteashonraí, coimeádaíocht, agus uirlisí infhionntachta;

Tá éagsúlacht mhór i gcleachtas na mBallstát, rud a léiríonn nach bhfuil aon samhail shainordaithe aonair ann le haghaidh feiceálachta; agus
Tá sásraí intomhaiste, trédhearcacha agus comhréireacha níos éifeachtaí i gcás ina bhfuil éagsúlacht shuntasach de chineálacha seirbhíse físeáin ar éileamh ann ná rialacha comhéadain saintreoracha nó idirghabhálacha algartamacha éigeantacha.

Dá réir sin, ceanglaítear leis na Dréachtrialacha ar sholáthraithe clibeáil meiteashonraí, agus beart feiceálachta éifeachtach amháin eile ar a laghad a chur chun feidhme. Áirithítear leis sin neodracht theicneolaíoch, seachnaítear oibleagáidí díréireacha, agus léirítear leis éagsúlacht dhearadh na seirbhíse ar fud na hearnála.

- **Díolúintí: Láimhdeachas Íseal, Lucht Féachana Íseal, agus Díolúintí Ábhair Chúng**

Áirítear sna Dréachtrialacha tairseacha beartaithe agus critéir bheartaithe le haghaidh díolúintí faoi alt 159B(3)(b) agus alt 159I(1) den Acht. Is iad seo a leanas a chuireann bonn eolais fúthu:
Treoirlínte an Choimisiúin Eorpaigh, lena soláthraítear tairseach láimhdeachais micrifhiontar de €2 mhilliún in aghaidh na bliana mar thagarmharc iomchuí agus sciar den lucht féachana de 1% mar phointe tagartha a úsáidtear go coitianta;
Gá lena chinntiú go bhfuil oibleagáidí comhréireach le haghaidh seirbhísí a bhfuil scála eacnamaíoch teoranta, catalóga nideoige, nó inneachar téamach an-speisialaithe acu; agus
Breithniú ar shainchúram reachtúil na meán seirbhíse poiblí.

Soláthraítear leis na Dréachtrialacha ceanglais fhianaiseacha shoiléire maidir le hiarratais ar dhíolúine agus glactar cur chuige cás ar chás atá bunaithe ar fhianaise maidir le díolúintí ó oibleagáidí saothar Eorpach a mheas. Ceapadh an cur chuige chun cothroime agus comhréireacht a chinntiú i socruithe rialála, agus éifeachtacht an chreata saothar Eorpach á coinneáil ag an am céanna.

- **Faireachán, Tuairisciú agus Fíorú**

Léirítear an méid seo a leanas sa chreat tuairiscithe agus faireacháin:
Cur chuige an Aontais atá i réim, a bhraitheann ar thuairisciú bliantúil, ar theimpléid, agus ar bhearta fíorúcháin comhréireacha seachas tuairisciú foirmiúil leanúnach a éileamh;
Tuairiscíonn EBMS moltaí maidir leis an tábhacht a bhaineann le trédhearcacht, cuntasacht agus bailiú comhsheasmhach sonraí i dtaca le comhlíonadh saothar Eorpach; agus
An gá praiticiúil atá ann ceanglais tuairiscithe inbhainistithe a choinneáil do sholáthraithe agus a chinntiú ag an am céanna go gcloítear leis na hoibleagáidí i rith na bliana.

Dá bhrí sin, bunaítear leis na Dréachtrialacha próiseas tuairiscithe bliantúil caighdeánaithe, a mbeidh sé de chumas aige faisnéis fhorlíontach a éileamh, agus spotseiceálacha nó iniúchtaí a dhéanamh i gcás inar gá chun comhlíonadh a fhíorú.

# 3 Comhairliúchán

B'fhéidir gur mhaith leat Treoirlínte Comhairliúcháin an Choimisiúin a cheadú agus d'aighneachtaí á gcur isteach agat.

## 3.1 Dréachtrialacha maidir le saothair Eorpacha le haghaidh seirbhísí meán closamhairc ar éileamh

Leagtar amach téacs na rialacha beartaithe sa doiciméad Dréachtrialacha dar teideal *Dréachtrialacha maidir le Saothair Eorpacha le haghaidh Seirbhísí Meán Closamhairc ar Éileamh.*

Mar achoimre, déantar an méid seo a leanas leis na Dréachtrialacha:

- sonraítear modheolaíocht theidealbhunaithe chun an sciar 30% de shaothair Eorpacha a ríomh i ngach catalóg náisiúnta;
- leagtar amach cuir chuige ionchais maidir le feiceálacht lena n-áirítear bearta comhéadain agus infhionntachta;
- bunaítear critéir agus tairseacha beartaithe le haghaidh díolúintí bunaithe ar láimhdeachas íseal agus lucht féachana íseal agus ábhar/cineál nó téama cúng na seirbhíse;
- déantar foráil maidir le tuairisciú agus ceanglais bhliantúla chun comhlíonadh leanúnach a léiriú; agus
- déantar cur síos ar nósanna imeachta faireacháin agus fíoraithe.

## 3.2 Ceisteanna Comhairliúcháin

Féadfaidh tú do chuid tuairimí ar na Dréachtrialacha a chur isteach i dtéarmaí ginearálta nó freagairt do na ceisteanna sonracha thíos. Ní gá duit freagra a thabhairt ar gach ceann ná aon cheann de na ceisteanna a dtugtar breac-chuntas orthu.

1) An bhfuil aon tuairimí agat maidir leis an gcur chuige foriomlán a ghlactar sna Dréachtrialacha chun alt 159B agus 159C den Acht a chur chun feidhme?
2) An bhfuil aon tuairimí agat maidir leis an modheolaíocht theidealbhunaithe bheartaithe chun an sciar 30% de shaothair Eorpacha a ríomh?
3) An bhfuil aon tuairimí agat maidir leis na himthosca teoranta beartaithe inar féidir déileáil le heipeasóidí aonair mar theidil neamhspleácha?
4) An bhfuil aon tuairimí agat maidir leis na bearta feiceálachta beartaithe (lena n-áirítear codanna tiomnaithe, clibeáil meiteashonraí, suíomh léirithe, etc.)?
5) An bhfuil aon tuairimí agat maidir leis an gceanglas gur gá clibeáil meiteashonraí chórasach de shaothair Eorpacha a bheith i gceist le beart feiceálachta amháin ar a laghad?
6) An bhfuil aon tuairimí agat maidir leis na tairseacha beartaithe le haghaidh láimhdeachas íseal (láimhdeachas €2 mhilliún atá díorthaithe ar sheirbhís) agus lucht féachana íseal (faoi bhun 1% den mhargadh náisiúnta ábhartha)?
7) An bhfuil aon tuairimí agat maidir leis an gcur chuige beartaithe maidir le díolúintí bunaithe ar chineál nó téama ginearálta seirbhíse (ábhar cúng), lena n-áirítear an fhianaise is gá chun tacú le hiarratas?

8) An bhfuil aon tuairimí agat maidir leis an gcreat tuairiscithe agus faireacháin beartaithe?

## 3.3 Conas freagra a thabhairt

Is féidir leat freagra a thabhairt ar an gcomhairliúchán seo:

- Mar ríomhphost, chuig consultation@cnam.ie; nó
- Tríd an bpost, chuig:

  Coimisiún na Meán
  1 Foirgnimh Shíol Bhroin,
  Bóthar Shíol Bhroin
  Baile Átha Cliath 4,
  D04 NP20,
  Éire

Má theastaíonn aon chúnamh uait chun freagra a thabhairt, déan teagmháil le Coimisiún na Meán:

- Mar ríomhphost, chuig consultation@cnam.ie;
- Ar an nguthán, ag 01 963 7755; nó
- Tríd an bpost, chuig an seoladh thuas.

Is iondúil nach mbreithníonn Coimisiún na Meán ach amháin freagraí scríofa agus nach dtabharfaidh sé deis do fhreagróirí aighneachtaí a chur isteach i bhformáidí eile.

## 3.4 Amchlár don fhreagairt

Tiocfaidh deireadh leis an tréimhse chomhairliúcháin ag 17:00 an 10 Meitheamh 2026

## 3.5 Úsáid Faisnéise

### 3.5.1 Foilsiú aighneachtaí

Is é beartas an Choimisiúin gach aighneacht chuig comhairliúcháin phoiblí a fhoilsiú.

Ba cheart iarratais a chur ar fáil mar cháipéisí neamhrúnda, agus aon fhaisnéis a n-éilítear rúndacht ina leith (e.g. faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de) á cur ar fáil in iarscríbhinn faoi leith.

De rogha air sin, féadfar leagan neamhrúnda folaithe a chur isteach in éineacht leis an leagan rúnda. Ní fhoilseofar aon cháipéisí a mharcáiltear rúnda sa bhealach seo.

Mar sin féin, ní bheidh an Coimisiún faoi dhliteanas i leith aon doiciméad a nochtar ina dhiaidh sin de bhun iarraidh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 nó ar shlí eile i gcomhréir leis an dlí.

### 3.5.2 Tuarascáil Chomhairliúcháin

Cuirfidh an Coimisiún gach aighneacht a dhéantar san áireamh. Mar sin féin, ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil an próiseas coibhéiseach le cleachtadh vótála ar thograí agus tabharfaidh an Coimisiún

breithiúnas tar éis na haighneachtaí a dhéantar a bhreithniú. Tiocfaidh an Coimisiún ar a thuairimí féin go neamhspleách ar thuairimí aon chomhairlithe ar leith.

Foilseoidh an Coimisiún tuarascáil chomhairliúcháin tar éis gach próisis comhairliúcháin. Aithnítear go bhféadfaidh réimse leathan geallsealbhóirí a bheith ann mar le haon saincheist faoi leith. Leagfaidh an Coimisiún amach na príomh-shaincheisteanna a eascraíonn agus na príomhphointí a thógtar san áireamh, chomh maith leis na príomhphointí nach bhféadfaí a thógáil san áireamh ar chúiseanna praiticiúla, dlíthiúil nó beartais. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh an beart ar a bhfuil comhairliúchán á dhéanamh a ghlacadh, fara leasú nó gan leasú.

### 3.5.3 Sonraí Pearsanta

Comhlíonfaidh Coimisiún na Meán a chuid oibleagáidí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (“RGCS”), faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 agus faoi aon dlíthe agus rialacháin eile is infheidhme maidir le príobháideachas sonraí. Tá oibleagáid ar an gCoimisiún agus tá sé tiomanta do gach faisnéis phearsanta a chuirtear isteach a chosaint. Ceapadh Oifigeach Cosanta Sonraí atá cláraithe leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí i gCoimisiún na Meán. Is féidir leat tuilleadh faisnéise a fháil faoin gcaoi a bpróiseálann Coimisiún na Meán faisnéis phearsanta inár mbeartas foilsithe.

Mar chuid den phróiseas comhairliúcháin, ainm an fhreagróra ar an gcomhairliúchán agus an freagra a tugadh, cuirfear ar fáil go poiblí iad. Mar sin féin, ní chuirfidh Coimisiún na Meán do shonraí teagmhála ar fáil go poiblí, amhail do sheoladh, d’uimhir theileafóin nó do ríomhphost. Ní úsáidfear an fhaisnéis a bhaileofar ach amháin chun críocha an phróisis comhairliúcháin seo agus i gcás ina gceadaítear sin go dleathach.

### 3.5.4 Saoráil Faisnéise

Tá faisnéis atá i seilbh Choimisiún na Meán faoi réir a oibleagáidí faoin dlí, lena n-áirítear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Rachaimid i gcomhairle leat maidir le faisnéis a mharcálann tú mar fhaisnéis rúnda sula ndéanfaimid cinneadh maidir le haon iarraidh a dhéantar faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014.